

'ALL THAT FALL', le Samuel Beckett

Nuair a d'iarr an BBC ar Beckett dráma a scríobh go speisialta i gcomhair an raidió in 1956 smaoinigh sé láithreach bonn filleadh ar thórdhreach a óige. Mhínigh sé i litir a sheol sé chuig an scríbhneoir Éireannach Aidan Higgins gurbh é a bhí ar a intinn 'tarraingt na gcos agus gearranáil agus rotha cairte agus eascainí ó Bhóthar Brighton go Stáisiún Charraig an tSionnaigh agus ar ais, seanláracha searraigh gan mhothú agus iad á lascadh ag na coiteoirí agus an diabhal gioblach sa chlaí – cuimhní an ghasúir'.

Ba é an toradh a bhí air sin *All That Fall*, a raibh an teideal *Lovely Day for the Races* ar dtús air, a insíonn scéal Maddy Rooney, seanbhean ag streachailt agus ar a bealach le bualadh lena fear céile agus é ag teacht ar an traein go suíomh aitheanta (dóibh siúd a bhfuil eolas acu ar Charraig an tSionnaigh) an tsráidbhaile fhicseanúil, Bachaill. Lá rásaí Dé Sathairn atá ann agus sa stáisiún áitiúil, ar ráschúrsa atá ann chomh maith, tá carachtair áitiúla aitheanta gnóthacha: an máistir stáisiúin cantalach, maor postúil an chúrsa, an leadaí de dhoirseoir óg agus an paróisteach a bhfuil cuma chráifeach air. Seasann Maddy amach, de bharr a hoscailteachta agus a beochta, i gcodarsnacht leis an leimhe agus leis an meath ginearálta atá thart timpeall uirthi, rud is cúis léi a bheith ar cheann de na mná láidre speisialta de chuid Beckett.

Arna chur i láthair ag *Mouth on Fire Theatre Company*

Cliar: Geraldine Plunkett, Donncha Crowley, Michael Judd, Deirdre Monaghan, Matthew O'Brien, Neill Fleming, Melissa Nolan, Paul Marron, Síofra Quinn

Stiúrthóir: Cathal Quinn

Dearthóir Fuaime: Paul Doran

Aoichainteoir: Dr Feargal Whelan

Bhunaigh Melissa Nolan agus Cathal Quinn *Mouth on Fire Theatre Company* i mBaile Átha Cliath in 2010. Dírionn an compántas ar léirithe úrnua agus ómósacha d'fhillíocht, de phrós agus de dhrámaí de chuid Samuel Beckett, chomh maith le léiriúcháin a dhéanamh ar shaothar de chuid scríbhneoirí cáiliúla Éireannacha eile: W. B. Yeats, Patrick Kavanagh agus Oscar Wilde.

Is é a thiomantas do shaothair den scoth a chur ar stáitse in amharclanna ar fud na hÉireann an chúis a seasann *Mouth on Fire* amach, chomh maith lena gcur i láthair i bpríosúin, ospidéal agus in ionaid do dhaoine gan dídean. Tá an compántas tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge agus léiríonn sé drámaí i mBéarla agus i nGaeilge araon.

Go dtí seo, tá níos mó ná fiche léiriú de chuid saothair Samuel Beckett déanta ag *Mouth on Fire* agus ba Premières Domhanda a bhí in sé cinn díobh sin; rinne an compántas turas chuig Éirinn, an Rúis, an tSeapáin, an India, an Ríocht Aontaithe agus an Spáinn agus bronnadh gradaim air ag Féile Ealaíon Liteartha Kot Bayun sa Rúis.

Rinne *Mouth on Fire* ionadaíocht d'Éirinn ag Féile Liteartha Hyderabad, agus áiríodh a léiriú de 'A Midsummer Night's Dream' i measc na ndeich seó ab fhearr in Éirinn in 2014. In 2015 léirigh sé 'Saints and Sinners' – trí dhráma le Yeats, an première domhanda de 'The Cat and the Moon', aistrithe go Gaeilge ag Gabriel Rosenstock. In 2016 chuir an compántas 'Waiting for Godot' i láthair i dTóiceo agus Kyoto agus filíocht Beckett i láthair do Soil Samhraidh Samuel Beckett i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath. Chuir sé 'Yeats Besotted', scéal Yeats agus Maud Gonne, ar stáitse in amharclann Bewley in 2017 agus in 2018 léirigh *Mouth on Fire* leagan stáitse de 'The Ballad of

Reading Gaol' d'Ionad Dóchais agus do phríosún Mhuinseo.

I mbliana chuir an compántas léiriúchán ar siúl ag Comhdháil Idirnáisiúnta Samuel Beckett in Almeria na Spáinne, ag féile bhliantúil Beckett sa Charraig Dhubh agus le gairid ag Scoil Samhraidh Samuel Beckett i dTeach Cúirte Phríosún Chill Mhaighneann.

Is mór an onóir do *Mouth on Fire* 'All That Fall' a léiriú d'Uachtarán na hÉireann cothrom an lae ar bronnadh Duais Nobel na Litríochta ar Samuel Beckett 50 bliain ó shin agus ar bhásaigh sé 30 bliain ó shin.